CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2087 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2022

lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma don bhliain féilire 2020 agus lena gcuirtear monaróirí ar an eolas maidir leis na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe do na blianta féilire 2021 go 2024 a ríomh de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)6754)

(Is iad na téacsanna sa tSeicis, san Ollainnis, sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Ungáiris, san Iodáilis, sa Pholainnis, sa Spáinnise agus sa tSualainnis amháin atá barántúil.)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]) agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631, ceanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, gach bliain, maidir le meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus maidir leis an sprioc i leith astaíochtaí sonracha do gach monaróir atá freagrach as gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a cláraíodh san Aontas, san Íoslainn, san Iorua agus, go dtí an bhliain féilire 2020, sa Ríocht Aontaithe, agus maidir le gach díorma monaróirí freisin. Ar an mbonn sin, bunaítear feidhmíocht monaróirí nó díormaí monaróirí maidir le comhlíonadh a n-oibleagáide gan a spriocanna i leith astaíochtaí sonracha faoi seach a shárú.

(2) Tá ríomh na meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha don bhliain féilire 2020 bunaithe ar shonraí mionsonraithe na n-údarás tuairiscithe maidir le clárúchán gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le linn na bliana féilire sin.

(3) Chuir gach tír a gcuid sonraí le haghaidh 2020 faoi bhráid an Choimisiúin, mar sin féin, bhí roinnt moilleanna ann i gcásanna áirithe i gcomparáid leis an spriocdháta tuairiscithe an 28 Feabhra 2021. I gcás, mar thoradh ar dheimhniú na sonraí ag an gCoimisiún, inar léir go raibh sonraí áirithe ar iarraidh nó inar léir go raibh siad mícheart, rinne an Coimisiún teagmháil leis na húdaráis tuairiscithe lena mbaineann agus, faoi réir a gcomhaontaithe, rinne siad na sonraí a choigeartú nó a chomhlánú dá réir sin. I gcás nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú le húdarás tuairiscithe, níor coigeartaíodh na sonraí sealadacha a chuir an tír sin isteach.

(4) An 29 Meitheamh 2021, cuireadh na sonraí sealadacha ar fáil go poiblí agus thug an Coimisiún fógra do 93 mhonaróir gluaisteán paisinéirí agus 68 monaróir feithiclí tráchtála éadroma, chomh maith leis na díormaí faoi seach, maidir le ríomhanna sealadacha a meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus a spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2020.

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

(5) Iarradh ar mhonaróirí na sonraí sealadacha a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2019/631 agus fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon earráid laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil. Chuir 63 mhonaróir gluaisteán paisinéirí agus 42 mhonaróir feithiclí tráchtála éadroma fógra isteach maidir le hearráidí.

(6) Áiríodh ar na sonraí sealadacha fachtóirí ceartaithe, i gcás gluaisteáin paisinéirí, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ([2]) ón gCoimisiún, agus i gcás feithiclí tráchtála éadroma, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 ón gCoimisiún ([3]). De bhrí go raibh na fachtóirí ceartaithe deiridh cothrom le ceann amháin do na monaróirí uile agus dá ndíormaí, níorbh gá ríomh na meánastaíochtaí sonracha a cheartú.

(7) Maidir le dhá mhonaróir gluaisteán paisinéirí agus aon mhonaróir feithiclí tráchtála éadroma amháin, bhí na feithiclí ar fad a tuairiscíodh sa tacar sonraí sealadach lasmuigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2019/631. Maidir le haon mhonaróir gluaisteán paisinéirí amháin, níor tuairiscíodh luachanna tuairiscithe astaíochtaí sonracha CO_2 NEDC maidir le haon cheann de na feithiclí sa tacar sonraí sealadach agus, dá bhrí sin, ní áirítear an monaróir sin sa Chinneadh seo.

(8) I gcás na 30 monaróir gluaisteán paisinéirí agus nn 26 mhonaróir feithiclí tráchtála éadroma eile nár thug fógra faoi aon earráid sna tacair sonraí nó nár thug freagra ar aon slí eile, ba cheart na sonraí sealadacha agus na ríomhanna sealadacha maidir leis na meánastaíochtaí sonracha agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a dheimhniú.

(9) Dheimhnigh an Coimisiún na hearráidí ar thug na monaróirí fógra ina leith agus na cúiseanna lena gceartú, agus deimhníodh nó leasaíodh an tacar sonraí sealadach de réir mar is iomchuí. Mar thoradh air sin, i gcás 93 mhonaróir gluaisteán paisinéirí agus 68 monaróir feithiclí tráchtála éadroma, ba cheart na sonraí sealadacha a dheimhniú nó a leasú.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/631, ba cheart a mheas go bhfuil monaróir comhlíontach maidir lena sprioc i leith astaíochtaí sonracha i gcás nach sáraíonn a mheánastaíochtaí sonracha CO_2 a shonraítear sa Chinneadh seo a sprioc i leith astaíochtaí sonracha. I gcás monaróirí ar baill díorma iad, ba cheart comhlíontacht a mheasúnú ar leibhéal an díorma i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán sin. Maidir le monaróirí nó díormaí ar deonaíodh maolú dóibh maidir lena spriocanna i leith astaíochtaí sonracha don bhliain féilire 2020 i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin, déantar na meánastaíochtaí sonracha CO_2 a mheasúnú i dtaca le comhlíontacht i gcomhréir lena spriocanna maolaithe a deonaíodh.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/631, i gcás gach monaróra nó díorma, ní chuirtear ach 95 % dá ghluaisteáin nua paisinéirí a cláraíodh le linn na bliana féilire 2020, arna roghnú ar bhonn a leibhéil astaíochta, san áireamh chun críoch meánastaíochtaí sonracha CO_2 a chinneadh i gcás an mhonaróra nó na an díorma sin.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/631, agus meánastaíochtaí sonracha CO_2 ó mhonaróirí gluaisteán paisinéirí á ríomh, déantar gach gluaisteán nua paisinéirí ar lú a astaíochtaí sonracha CO_2 ná 50 g CO_2/km (NEDC) a chomhaireamh mar 2 ghluaisteán paisinéirí sa bhliain féilire 2020, suas le cion "sárchreidmheasanna" 7.5 g CO_2/km i gcás gach monaróra nó díorma.

(13) Maidir leis an gcoigealtas CO_2 a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha lena gcuirtear cion fíoraithe le laghduithe CO_2 agus atá faofa ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/631 ("éicea-nuálaíochtaí"), cuirtear san áireamh iad chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 a ríomh, suas le cion iomlán 7 g CO_2/km do gach monaróir nó gach díorma. Sa bhliain féilire 2020, ní chuirtear san áireamh ach coigilteas CO_2 éicea-nuálaíochta arna gcinneadh trí thagairt do NEDC.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leagtar amach modheolaíocht chun na paraiméadair chomhghaolaithe a chinneadh is gá chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 679).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leagtar amach modheolaíocht chun na paraiméadair chomhghaolaithe a chinneadh is gá chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú maidir le feithiclí tráchtála éadroma agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 644).

(14) Ba cheart taifid ina bhfuil cód earráide B, i.e. le sonraí iomlána maidir le mais i riocht feidhmithe agus astaíochtaí CO_2 ach le huimhreacha aitheantais feithiclí atá ar iarraidh nó mícheart a chur san áireamh freisin i ríomh na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na meánastaíochtaí sonracha CO_2. Ba cheart a chur san áireamh, áfach, nach féidir le monaróirí na taifid sin a fhíorú ná a cheartú. Dá bhrí sin, is iomchuí lamháil earráide a chur i bhfeidhm nuair a bheidh fad chuig sprioc an mhonaróra lena mbaineann á chinneadh.

(15) Ríomhtar an lamháil earráide mar an difríocht idir na faid idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus an sprioc i leith astaíochtaí sonracha arna ríomh ar thaobh amháin lena n-áirítear gach clárú feithicle nach féidir leis an monaróir a fhíorú agus ar an taobh eile na clárúcháin sin a eisiamh. Beag beann ar cibé acu difríocht dhearfach nó dhiúltach atá i gceist, cuirtear an lamháil earráide i bhfeidhm ionas go bhfeabhsófar léi seasamh an mhonaróra i gcónaí maidir lena sprioc i leith astaíochtaí sonracha.

(16) I gcás, tar éis an lamháil earráide a chur san áireamh, go bhfuil an fad chuig sprioc an mhonaróra nó an díorma, de réir mar a bheidh, os cionn nialais, déanfar préimh astaíochtaí iomarcacha a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/631. Is é seo an cás le haghaidh sé mhonaróir aonair gluaisteán paisinéirí (Subaru, Jaguar Land Rover, Bentley, DR Motor, Lamborghini agus McLaren), dhá dhíorma monaróirí gluaisteán paisinéirí (díorma Suzuki agus díorma Volkswagen-SAIC), agus aon mhonaróir aonair feithiclí tráchtála éadroma (Ssangyong).

(17) I gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631, tá monaróirí atá freagrach as níos lú ná 1 000 clárúchán feithiclí nua díolmhaithe ó sprioc i leith astaíochtaí sonracha a bhaint amach. Is iomchuí, áfach, a meánastaíochtaí sonracha a ríomh agus a thuairisciú chomh maith le líon na bhfeithiclí nua a chláraítear.

(18) Ba cheart monaróirí a chur ar an eolas freisin faoi na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe a ríomh do na blianta féilire 2021 go 2024 i gcomhréir le pointe 4 agus pointe 5 de Chodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631.

(19) D'fhéadfaí na luachanna a bhaineann le feidhmíocht monaróra arna dheimhniú nó arna leasú leis an gCinneadh seo a athbhreithniú i gcás ina ndeimhneoidh na húdaráis náisiúnta ábhartha go bhfuil neamhrialtachtaí i luachanna astaíochta CO_2 nó sna maisluachanna arna soláthar chun comhlíontacht an mhonaróra maidir lena sprioc i leith astaíochtaí sonracha a chinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Sonraítear na luachanna a bhaineann le feidhmíocht na monaróirí agus na ndíormaí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma i leith bliain féilire 2020 i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Maidir leis na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe a ríomh do na blianta féilire 2021 go 2024 i gcomhréir le pointí 4 agus 5 de Chodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, sonraítear iad i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na monaróirí aonair agus na díormaí seo a leanas a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/631:

(1) ADAM OPEL GMBH
Bahnhofsplatz 1 IPC 39-13
65423 Rüsselsheim
An Ghearmáin

(2) ADDAX MOTOR NV
Kleine Tapuitstraat 18
8540 Deerlijk
An Bheilg

(3) ADIDOR VOITURES SAS
2/4 Rue Hans Liosta
78290 Croissy-sur-Seine
An Fhrainc

(4) ALFA ROMEO SPA
C.so G. Agnelli, 200
10135 Torino
An Iodáil

(5) ALKE SRL
via Vigonovese 123
35127 Padova
An Iodáil

(6) ALPINA BURKARD BOVENSIEPEN GMBH E CO KG
Alpenstraße 35-37
86807 Buchloe
An Ghearmáin

(7) ANHUI JIANGHUAI AUTOMOBILE
Via Lanzo 27
10071 Borgaro Torinese
An Iodáil

(8) ASTON MARTIN LAGONDA TEORANTA
Arna ionadú san Aontas ag:
Aston Martin Lagonda of Europe GmbH,
Unterschweinstiege 2-14
60549 Frankfurt am Main
An Ghearmáin

(9) AUDI AG

Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(10) AUDI HUNGARIA MOTOR KFT

Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(11) AUDI SPORT GMBH

Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(12) AUTOMOBILE DACIA SA

122-122 bis avenue du Général Leclerc
92100 Boulogne - Billancourt
An Fhrainc

(13) AUTOMOBILES CITROEN

2-10 boulevard de l'Europe
78300 Poissy
An Fhrainc

(14) AUTOMOBILES PEUGEOT

2-10 boulevard de l'Europe
78300 Poissy
An Fhrainc

(15) AUTOMOBILI LAMBORGHINI SPA

via Modena 12
40019 Sant'Agata Bolognese (BO)
An Iodáil

(16) AVTOVAZ JSC

Arna ionadú san Aontas ag:
CS AUTOLADA
211 Konevova
130 00 Praha 3
Poblacht na Seice

(17) BAYERISCHE MOTOREN WERKE AG
Petuelring 130
80788 München
An Ghearmáin

(18) BEIJING BORGWARD AUTOMOTIVE CO LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Borgward Group AG
Kriegsbergstraße 11
70174 Stuttgart
An Ghearmáin

(19) BENTLEY MOTORS LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Bentley Motors Germany GmbH
Zeppelinstraße 1
85399 Hallbergmoos
An Ghearmáin

(20) BLUECAR SAS
31-32 quai de Dion Bouton
92800 Puteaux
An Fhrainc

(21) BMW M GMBH
Petuelring 130
80788 München
An Ghearmáin

(22) Díorma BMW (M1)
Bainisteoir díorma:
Bayerische Motoren Werke AG
Petuelring 130
80788 München
An Ghearmáin

(23) BUGATTI AUTOMOBILES SAS
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(24) BYD AUTO INDUSTRY COMPANY LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
c/o BYD Europe B.V.
's-Gravelandseweg 256
3125 BK Schiedam
An Ísiltír

(25) CATERHAM CARS LIMITED
Arna ionadú san Aontas ag:
Caterham Competition France
Vallon de Fontanes
30520 Saint-Martin-de-Valgalgues
An Fhrainc

(26) CHEVROLET ITALIA SPA
Viale Alexandre Gustave Eiffel 15
00148 Roma
An Iodáil

(27) CNG-TECHNIK GMBH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(28) DFSK MOTOR CO LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
Giotti Victoria Sr.l.
Pisana Road, 11/a
50021 Barberino, Val D' Elsa (FI)
An Iodáil

(29) DONKERVOORT AUTOMOBIELEN BV
Pascallaan 96
8218 NJ Lelystad
An Ísiltír

(30) DR AUTOMOBILES SRL
Zona Industriale, Snc
86070 Macchia d'Isernia
An Iodáil

(31) DR ING HCF PORSCHE AG
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(32) DR MOTOR COMPANY SRL
SS 85 Venafrana km 37500
86070 Macchia d'Isernia
An Iodáil

(33) ESAGONO ENERGIA SRL
Via Puecher 9
20060 Pozzuolo Martesana (MI)
An Iodáil

(34) FABBRICA DALLARA SRL
Via Guglielmo Marconi 18
43040 Varano de' Melegari (PR)
An Iodáil

(35) FABRYKA SAMOCHODÓW OSOBOWYCH SPÓŁKA AKCYJNA
ul. Jagiellońska 88
00-992 Warszawa
An Pholainn

(36) FCA ITALY SPA
C.so G. Agnelli 200
10135 Torino
An Iodáil

(37) Díorma FCA (M1)
Bainisteoir díorma:
FCA Italy SpA
C.so G. Agnelli 200
10135 Torino
An Iodáil

(38) Díorma FCA-PSA (N1)
Bainisteoir díorma:
FCA Italy SpA
C.so G. Agnelli 200
10135 Torino
An Iodáil

(39) FCA US LLC
Arna ionadú san Aontas ag:
FCA Italy SpA
C.so G. Agnelli 200
10135 Torino
An Iodáil

(40) FERRARI SPA
Via Emilia Est 1163
41122 Modena
An Iodáil

(41) FORD INDIA PRIVATE LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
Ford-Werke GmbH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(42) FORD MOTOR COMPANY

Arna ionadú san Aontas ag:
Ford-Werke GmbH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(43) FORD MOTOR COMPANY OF AUSTRALIA LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
Ford-Werke GmbH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(44) FORD-WERKE GMBH

Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(45) Díorma FORD-VOLKSWAGEN (N1)

Bainisteoir díorma:
Ford-Werke GmbH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(46) Díorma FORD-VOLVO (M1)

Bainisteoir díorma:
Ford-Werke GmbH
Henry Ford Street 1
50725 Köln
An Ghearmáin

(47) GENERAL MOTORS HOLDINGS LLC

Arna ionadú san Aontas ag:
KnowMotive
Bouwhuispad 1
8121 PX Olst
An Ísiltír

(48) GOUPIL INDUSTRIE SAS

Route de Villeneuve
47320 Bourran
An Fhrainc

(49) GREAT WALL MOTOR COMPANY LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
Great Wall Motor Europe Technical Center
Otto-Hahn-Str. 5
63128 Dietzenbach
An Ghearmáin

(50) GUMPERT AIWAYSAUTOMOBILE GMBH

Carl-Hahn-Straße 5
85053 Ingolstadt
An Ghearmáin

(51) HENAN SUDA ELECTRIC VEHICLE TECHNOLOGY CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
DCKD Gmbh
Am Falder 4
40589 Düsseldorf
An Ghearmáin

(52) HONDA MOTOR CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Honda Motor Europe Ltd
Wijngaardveld 1 (Noord V)
9300 Aalst
An Bheilg

(53) HYUNDAI ASSAN OTOMOTIV SANAYI VE TICARET AS

Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(54) Díorma HYUNDAI (M1)

Bainisteoir díorma:
Hyundai Motor Company
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(55) Díorma HYUNDAI (N1)

Bainisteoir díorma:
Hyundai Motor Company
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(56) HYUNDAI MOTOR COMPANY

Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(57) HYUNDAI MOTOR MANUFACTURING CZECH SRO

Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(58) ISUZU MOTORS LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
Isuzu Motors Europe NV
Bist 12
2630 Aartselaar
An Bheilg

(59) IVECO SPA

Via Puglia 35
10156 Torino
An Iodáil

(60) JAGUAR LAND ROVER LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
JLR Ireland (Services) Ltd, Software Engineering Centre,
Three Airport Avenue, Eastát Tionsclaíoch na Sionainne
V14 YH92 Sionainn (Co. an Chláir)
Éire

(61) JIANGLING MOTOR HOLDING CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Aiways Automobile Europe GmbH,
Moosacher Straβe 82 a
80809 München
An Ghearmáin

(62) Díorma KIA (M1)

Bainisteoir díorma:

Kia Corporation
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(63) Díorma KIA (N1)
Bainisteoir díorma:
Kia Corporation
Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(64) KIA CORPORATION

Arna ionadú san Aontas ag:
Hyundai Motor Europe Technical Center GmbH
Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(65) KIA SLOVAKIA SRO

Hyundai-Platz
65428 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(66) LADA AUTOMOBILE GMBH

Erlengrund 7
21614 Buxtehude
An Ghearmáin

(67) LANZHOU ZHIDOU ELECTRIC VEHICLE CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Nextem Italia Srl
Via Marradi 14
57126 Livorno
An Iodáil

(68) LIGIER GROUP

Route d'Hauterive 105
3200 Abrest
An Fhrainc

(69) LONDON EV COMPANY

Arna ionadú san Aontas ag:
China-Euro Vehicle Technology (CEVT)
Theres Svenssons Gata 7
41755 Göteborg
An tSualainn

(70) LOTUS CARS LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
China-Euro Vehicle Technology (CEVT)
Theres Svenssons Gata 7
41755 Göteborg
An tSualainn

(71) MAGYAR SUZUKI CORPORATION LTD

Schweidel József u. 52.
2500 Esztergom
An Ungáir

(72) MAHINDRA & MAHINDRA LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Mahindra Europe Srl
Via Cancelliera 35
00072 Ariccia (Roma)
An Iodáil

(73) Díorma MAN-SAIC (N1)

Bainisteoir díorma:
MAN Truck & Bus SE
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(74) MAN TRUCK & BUS SE

Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(75) MARUTI SUZUKI INDIA LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Magyar Suzuki Corporation Ltd.
Schweidel József u. 52.
2500 Esztergom
An Ungáir

(76) MASERATI SPA

Viale Ciro Menotti 322
41122 Modena
An Iodáil

(77) MAZDA MOTOR CORPORATION

Arna ionadú san Aontas ag:
Mazda Motor Europe GmbH
European R&D Centre
Hiroshimastr. 1
61440 Oberursel/Taunus
An Ghearmáin

(78) MAZDA MOTOR LOGISTIC EUROPE N.V.

Blaasveldstraat 162
2830 Willebroek
An Bheilg

(79) MCLAREN AUTOMOTIVE LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
McLaren Automotive Europe S.L.U.
Pol. Ind. L'Albornar S/N 43710,
Santa Oliva, Tarragona
An Spáinn

(80) MERCEDES-AMG GMBH

Daimlerstrasse 1,
71563 Affalterbach
An Ghearmáin

(81) MERCEDES-BENZ AG

Mercedesstraße 120
70372 Stuttgart
An Ghearmáin

(82) Díorma MERCEDES-BENZ (M1)

Bainisteoir díorma:
Mercedes-Benz AG
Mercedesstraße 120
70372 Stuttgart
An Ghearmáin

(83) Díorma MERCEDES-BENZ (N1)

Bainisteoir díorma:
Mercedes-Benz AG
Mercedesstraße 120
70372 Stuttgart
An Ghearmáin

(84) MG MOTOR UK LIMITED

Arna ionadú san Aontas ag:
SAIC Motor Europe B.V.
An tOllamh W.H. Keesomlaan 12
Amstelveen
An Ísiltír

(85) MITSUBISHI MOTORS CORPORATION MMC

Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motor R&D Europe GmbH
Diamantstraße 1
65468 Trebur
An Ghearmáin

(86) MITSUBISHI MOTORS THAILAND CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Mitsubishi Motor R&D Europe GmbH
Diamantstraße 1
65468 Trebur
An Ghearmáin

(87) MORGAN TECHNOLOGIES LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Corbital Limited
8 Páirc Oifige na Prióireachta
Bóthar Stigh Lorcáin
An Charraig Dhubh
Co. Bhaile Átha Cliath
Éire

(88) NEXT E.GO MOBILE SE

Lilienthalstraße 1
52068 Aachen
An Ghearmáin

(89) NISSAN INTERNATIONAL SA

Nissan Automotive Europe SAS
8 rue Jean-Pierre Timbaud,
78180 Montigny-le-Bretonneux
An Fhrainc

(90) OPEL AUTOMOBILE GMBH

Bahnhofsplatz 1 IPC 39-13
65423 Rüsselsheim am Main
An Ghearmáin

(91) PAGANI AUTOMOBILI SPA

Via dell' Artigianato 5
41018 San Cesario sul Panaro (Modena)
An Iodáil

(92) PIAGGIO & C SPA

Viale Rinaldo Piaggio, 25
56025 Pontedera (Pisa)
An Iodáil

(93) PSA AUTOMOBILES SA

2-10 boulevard de l'Europe
78300 Poissy
An Fhrainc

(94) Díorma PSA-OPEL (M1)

Bainisteoir díorma:
PSA Automobiles SA
2-10 boulevard de l'Europe
78300 Poissy
An Fhrainc

(95) Díorma RENAULT-NISSAN-MITSUBISHI (M1)

Bainisteoir díorma:
Renault SAS
122-122 bis avenue du Général Leclerc
92100 Boulogne - Billancourt
An Fhrainc

(96) Díorma RENAULT-NISSAN-MITSUBISHI (N1)

Bainisteoir díorma:
Renault SAS
122-122 bis avenue du Général Leclerc
92100 Boulogne - Billancourt
An Fhrainc

(97) RENAULT SAS

122-122 bis avenue du Général Leclerc
92100 Boulogne - Billancourt
An Fhrainc

(98) RENAULT TRUCKS

99 Route de Lyon TER L10 0 01
69806 Saint Priest Cedex
An Fhrainc

(99) ROLLS-ROYCE MOTOR CARS LTD

Petuelring 130
80788 München
An Ghearmáin

(100) ROMANITAL SRL
Via delle Industrie, 107
90040 Isola delle Femmine PA
An Iodáil

(101) SAIC MAXUS AUTOMOTIVE CO LTD
Arna ionadú san Aontas ag:
SAIC Europe Sarl
Rue Robert Stümper 4,
2557 Lucsamburg
Lucsamburg

(102) SAIC MOTOR CORPORATION
Arna ionadú san Aontas ag:
SAIC Motor Europe BV
An tOllamh W.H. Keesomlaan 12,
1183 DJ Amstelveen
An Ísiltír

(103) SEAT SA
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(104) SECMA SAS
Rue Denfert Rochereau
59580 Aniche
An Fhrainc

(105) SKODA AUTO AS
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(106) SOCIETE DES AUTOMOBILES ALPINE
122-122 bis avenue du Général Leclerc
92100 Boulogne - Billancourt
An Fhrainc

(107) SSANGYONG MOTOR COMPANY

Arna ionadú san Aontas ag:
Ssangyong European Parts Center BV
IABC 5253 & 5254,
4814 RD Breda
An Ísiltír

(108) STREETSCOOTER GMBH

Jülicher Straße 191
52070 Aachen
An Ghearmáin

(109) SUBARU CORPORATION

Arna ionadú san Aontas ag:
Subaru Europe NV/SA
Leuvensesteenweg 555 B/8
Zaventem 1930
An Bheilg

(110) SUZUKI MOTOR CORPORATION

Arna ionadú san Aontas ag:
Suzuki Magyar Corporation Ltd.
Schweidel József u. 52.
2500 Esztergom
An Ungáir

(111) SUZUKI MOTOR THAILAND CO LTD

Arna ionadú san Aontas ag:
Suzuki Magyar Corporation Ltd.
Schweidel József u. 52.
2500 Esztergom
An Ungáir

(112) Díorma SUZUKI (M1)

Bainisteoir díorma:
Suzuki Motor Corporation
Arna ionadú san Aontas ag:
Suzuki Magyar Corporation Ltd.
Schweidel József u. 52.
2500 Esztergom
An Ungáir

(113) TECNO MECCANICA IMOLA SPA

Via Selice, Provinciale 42E
40026 Imola, Bologna
An Iodáil

(114) TESLA INC

Arna ionadú san Aontas ag:
Tesla Motors Netherlands B.V.,
Burgemeester Stramanweg 122
1101 EN Amsterdam
An Ísiltír

(115) Díorma TOYOTA-MAZDA (M1)

Bainisteoir díorma:
Toyota Motor Europe NV SA
Avenue du Bourget 60
1140 an Bhruiséil
An Bheilg

(116) TOYOTA MOTOR EUROPE NV SA

Avenue du Bourget 60
1140 an Bhruiséil
An Bheilg

(117) UAZ

Arna ionadú san Aontas ag:
C&P Motor Group s.n.c.
Via E. Mattei 65
Asciano (SI)
An Iodáil

(118) UNIVERS VE HELEM

14 rue Federico Garcia Lorca
32000 Auch
An Fhrainc

(119) VOLKSWAGEN AG

Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(120) Díorma VOLKSWAGEN-SAIC (M1)

Bainisteoir díorma:
Volkswagen AG
Bosca litreach 011/1882
38436 Wolfsburg
An Ghearmáin

(121) VOLVO CAR CORPORATION

Roinn Gnóthaí Rialála (Roinn 58832)
PV3A1, PVE Reception, Assar Gabrielssons väg
40531 Göteborg
An tSualainn

(122) XYT
6 ruelle de l'église
91350 Grigny
An Fhrainc

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN I

Cuid A

FEIDHMÍOCHT MONARÓIRÍ GLUAISTEÁN PAISINÉIRÍ

Tábla 1

Feidhmíocht monaróirí aonair gluaisteán paisinéirí sa bhliain féilire 2020 i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/631

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éicea-nuálaíochtaí	Lamháil earráide
ADAM OPEL GMBH		2	1	1 691,00	0	105,36	- 105,36	0	0	0
ADIDOR VOITURES SAS	DMD	16	15	1 315,00	137,000			0	0	
ALFA ROMEO SPA	P2	34 483	32 758	1 622,57	143,334	103,082	40,252	0	0,619	0
ALPINA BURKARD BOVENSIEPEN GMBH E CO KG	D	605	574	2 053,02	199,279	214,000	- 14,721	0	0	0
ANHUI JIANGHUAI AUTOMOBILE	DMD	114	108	1 535,00	0			0	0	
ASTON MARTIN LAGONDA LTD	D	1 487	1 412	1 962,08	255,471	290,000	- 34,529	0	0	0
AUDI AG	P11	564 595	536 365	1 683,79	104,588	105,120	- 0,532	7,5	0,646	0
AUDI HUNGARIA MOTOR KFT	P11	3 824	3 632	1 416,83	148,052	96,230	51,822	0	0,001	0
AUDI SPORT GMBH	P11	13 505	12 829	1 905,33	227,140	112,497	114,643	0	0	0
AUTOMOBILE DACIA SA	P8	278 828	264 886	1 184,74	111,233	88,502	22,730	0,729	0,955	0,001
AUTOMOBILES CITROEN	P7	340 836	323 794	1 167,80	95,997	87,938	8,058	0,607	0,971	0,001
AUTOMOBILES PEUGEOT	P7	351 543	333 965	1 395,74	94,306	95,528	- 1,222	3,073	0,481	0
AUTOMOBILI LAMBORGHINI SPA	D	1 537	1 460	2 021,67	319,607	304,000	15,607	0	0,241	0
AVTOVAZ JSC	P8	884	839	1 313,44	183,838	92,788	91,050	0	0	0
BAYERISCHE MOTOREN WERKE AG	P1	801 925	761 828	1 647,62	98,137	103,916	- 5,779	7,5	2,114	0
BEIJING BORGWARD AUTOMOTIVE CO LTD	DMD	1	0	1 854,00						

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éicea-nuálaíochtaí	Lamháil earráide
BENTLEY MOTORS LTD	D	2 753	2 615	2 452,10	255,614	245,000	10,614	0	0,006	0
BLUECAR SAS	DMD	6	5	1 515,00	0			0	0	
BMW M GMBH	P1	14 510	13 784	1 863,37	228,218	111,100	117,118	0	0,283	0
BUGATTI AUTOMOBILES SAS	P11	7	6	2 070,00	522,833	117,981	404,852	0	0	0
CATERHAM CARS LIMITED	DMD	127	120	693,70	167,142			0	0	
CNG-TECHNIK GMBH	P3	12 060	11 457	1 508,72	100,219	99,290	0,929	0	0	0
DFSK MOTOR CO LTD	DMD	733	696	1 628,78	223,672			2,893	0	
DONKERVOORT AUTOMOBIELEN BV	DMD	1	0	865,00						
DR AUTOMOBILES SRL	D	3 329	3 162	1 409,93	139,400	148,000	- 8,600	0	0	0
DR ING HCF PORSCHE AG	P11	68 130	64 723	2 004,95	136,493	115,815	20,662	7,5	0,770	0,016
DR MOTOR COMPANY SRL	D	7	6	1 352,86	175,667	148,000	27,667	0	0	0
FABBRICA DALLARA SRL	DMD	12	11	1 010,00	230,000			0	0	
FABRYKA SAMOCHODÓW OSOBOWYCH SYRENA W KUTNIE SA	DMD	5	4	1 300,00	145,000			0	0	
FERRARI SPA	D	3 591	3 411	1 688,05	277,964	280,000	- 2,036	0	0	0
FCA ITALY SPA	P2	488 321	463 904	1 184,89	104,803	88,507	16,296	2,039	1,412	0
FCA US LLC	P2	105 438	100 166	1 612,46	132,733	102,745	29,988	3,182	0,905	0
FORD INDIA PRIVATE LIMITED	P3	53	50	1 149,79	118,380	87,338	31,042	0	0	0
FORD MOTOR COMPANY OF AUSTRALIA LIMITED	P3	2	1	2 370,50	204,000	127,988	76,012	0	0	0
FORD MOTOR COMPANY	P3	10 220	9 709	1 938,21	233,057	113,592	119,463	0	0,558	0,002
FORD-WERKE GMBH	P3	648 948	616 500	1 442,12	99,956	97,073	2,882	2,779	2,289	0,001
GENERAL MOTORS HOLDINGS LLC	D	53	50	1 816,57	167,360	245,000	- 77,640	0	0	0

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éiceá-nuálaíochtaí	Lamháil earráide
GREAT WALL MOTOR COMPANY LIMITED	DMD	371	352	1 605,90	160,000			0	0	
GUMPERT SPORTWAGENMA-NUFAKTUR GMBH	DMD	1	0	1 825,00						
HENAN SUDA ELECTRIC VEHICLES TECHNOLOGY	DMD	27	25	1 465,00	0			0	0	
HONDA MOTOR CO LTD	P2	78 277	74 363	1 425,25	102,240	96,511	5,729	5,410	0,677	0
HYUNDAI ASSAN OTOMOTIV SANAYI VE TICARET AS	P4	114 691	108 956	1 063,25	110,538	84,456	26,081	0	0,610	0,001
HYUNDAI MOTOR COMPANY	P4	143 251	136 088	1 505,31	68,226	99,177	- 30,964	7,5	0,057	0,013
HYUNDAI MOTOR MANUFACTURING CZECH SRO	P4	158 777	150 838	1 525,98	110,238	99,865	10,364	7,5	0,239	0,009
ISUZU MOTORS LTD	DMD	1	0	1 605,00						
JAGUAR LAND ROVER LIMITED	ND	157 013	149 162	2 096,03	134,657	131,823	2,834	7,5	0,571	0
JIANGLING MOTOR HOLDING CO LTD	P11	697	662	1 837,75	0	110,247	- 110,247	0	0	0
KIA CORPORATION	P5	273 022	259 370	1 358,97	83,073	94,304	- 11,301	7,5	0,077	0,070
KIA SLOVAKIA SRO	P5	144 848	137 605	1 460,96	110,891	97,700	13,189	7,5	0,074	0,002
LADA AUTOMOBILE GMBH	DMD	334	317	1 265,00	224,019			0	0	
LANZHOU ZHIDOU ELECTRIC VEHICLE	DMD	3	2	865,00	0			0	0	
LONDON EV COMPANY	P11	1	0	2 305,00						
LOTUS CARS LIMITED	D	484	459	1 099,88	199,200	225,000	- 25,800	0	0	0
MAGYAR SUZUKI CORPORATION LTD	P9/ND	58 881	55 936	1 273,35	111,247	90,283	20,964	0,005	1,997	0
MAHINDRA & MAHINDRA LTD	D	1 135	1 078	1 223,78	148,000	160,000	- 12,000	0	0	0

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éiceá-nuálaíochtaí	Lamháil earráide
MARUTI SUZUKI INDIA LTD	P9/ND	1 749	1 661	953,00	106,966	90,283	16,683	0	0,004	0
MASERATI SPA	D	3 152	2 994	2 144,94	234,649	235,000	- 0,452	0	0	0,101
MAZDA MOTOR CORPORATION	P10	132 705	126 069	1 438,36	105,609	96,947	8,662	7,5	0,669	0
MAZDA MOTOR LOGISTIC EUROPE N. V.	P10	11 823	11 231	1 377,24	111,346	94,912	16,434	0	1,236	0
MCLAREN AUTOMOTIVE LIMITED	D	571	542	1 533,52	258,530	250,000	8,530	0	0	0
MERCEDES-AMG GMBH	P6	3 251	3 088	1 920,49	244,803	113,002	131,748	0,475	0,001	0,053
MERCEDES-BENZ AG	P6	735 395	698 625	1 727,51	103,530	106,576	- 3,049	7,5	0,710	0,003
MG MOTOR UK LIMITED	P11	17 943	17 045	1 446,76	88,537	97,227	- 8,690	7,5	0	0
MITSUBISHI MOTORS CORPORATION MMC	P8	64 215	61 004	1 694,45	99,593	105,475	- 5,899	7,5	0,295	0,017
MITSUBISHI MOTORS THAILAND CO LTD MMTH	P8	33 958	32 260	947,48	104,223	80,601	23,622	0	0,689	0
MORGAN TECHNOLOGIES LTD	DMD	353	335	1 125,45	179,042			0	0	
NEXT EGO MOBILE SE	P11	490	465	1 231,00	0	90,042	- 90,042	0	0	0
NISSAN INTERNATIONAL SA	P8	289 734	275 247	1 394,38	95,509	95,483	0,026	7,5	0,642	0
OPEL AUTOMOBILE GMBH	P7	276 745	262 907	1 382,49	98,496	95,087	3,406	3,402	1,600	0,003
PAGANI AUTOMOBILI SPA	DMD	8	7	1 471,63	343,000			0	0	
PSA AUTOMOBILES SA	P7	788 835	749 393	1 313,85	80,907	92,801	- 11,895	7,5	1,048	1E- 03
RENAULT SAS	P8	961 689	913 604	1 352,49	88,321	94,088	- 5,769	7,5	0,765	0,002
RENAULT TRUCKS	DMD	5	4	2 226,00	171,250			0	0	
ROLLS-ROYCE MOTOR CARS LTD	P1	508	482	2 655,53	349,923	137,479	212,444	0	0	0
SAIC MAXUS AUTOMOTIVE CO LTD		121	114	1 889,55	0	111,972	- 111,972	0	0	0

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éiceá-nuálaíochtaí	Lamháil earráide
SAIC MOTOR CORPORATION LTD	P11	7 726	7 339	1 590,54	0	102,015	-102,015	0	0	0
SEAT SA	P11	363 821	345 629	1 344,30	106,315	93,815	12,472	3,822	1,062	0,028
SKODA AUTO AS	P11	606 638	576 306	1 385,40	101,771	95,184	6,587	4,766	1,362	0
SOCIETE DES AUTOMOBILES ALPINE	P8	1 124	1 067	1 174,24	146,736	88,152	58,581	0	0	0,003
SSANGYONG MOTOR COMPANY	D	8 957	8 509	1 498,37	155,452	159,000	- 3,548	0	0	0
SUBARU CORPORATION	ND	17 028	16 176	1 646,44	154,605	120,718	33,886	0	1,378	0,001
SUZUKI MOTOR CORPORATION	P9/ND	107 242	101 879	1 013,49	95,445	90,283	5,162	1,396	2,028	0
SUZUKI MOTOR THAILAND CO LTD	P9/ND	1 150	1 092	890,08	89,016	90,283	- 1,267	0	0	0
TECNO MECCANICA IMOLA SPA	DMD	3	2	712,00	0			0	0	
TESLA INC	P2	92 526	87 899	1 928,15	0	113,257	-113,257	0	0	0
TOYOTA MOTOR EUROPE NV SA	P10	684 726	650 489	1 372,60	91,781	94,758	- 2,981	0,728	0,220	0,004
VOLKSWAGEN AG	P11	1 307 003	1 241 652	1 461,45	96,833	97,716	- 0,888	7,5	0,467	0,005
VOLVO CAR CORPORATION	P3	286 645	272 312	1 873,11	95,900	111,425	- 15,532	7,5	0,149	0,007

Tábla 2

Feidhmíocht díormaí monaróirí gluaisteán paisinéirí sa bhliain féilire 2020 i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/631

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K
Ainm an díorma	Díormaí Maoluithe	Líon iomlán na gclárúchán	Líon na gclárúchán a breithníodh (95%)	Meánmhais	Meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC	Sprioc i leith astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Coigilteas CO_2 ó éiceá-núalaíochtaí	Lamháil earráide
BMW	P1	816 943	776 095	1 652,08	99,211	104,064	- 4,853	7,5	2,130	0
FCA	P2	799 045	759 092	1 369,81	90,935	94,665	- 3,730	7,5	0,974	0
FORD-VOLVO	P3	957 928	910 031	1 577,21	96,090	101,571	- 5,484	7,5	1,497	0,003
HYUNDAI	P4	416 719	395 883	1 391,52	93,232	95,388	- 2,164	7,5	0,255	0,008
KIA	P5	417 870	396 976	1 394,32	92,716	95,481	- 2,800	7,5	0,076	0,035
MERCEDES-BENZ	P6	738 646	701 713	1 728,36	103,883	106,604	- 2,725	7,5	0,708	0,004
PSA-OPEL	P7	1 757 959	1 670 061	1 312,71	88,504	92,763	- 4,260	5,324	1,010	0,001
RENAULT-NISSAN-MITSUBISHI	P8	1 630 432	1 548 910	1 336,13	92,566	93,543	- 0,979	7,5	0,749	0,002
SUZUKI	P9/ND	169 022	160 570	1 102,55	100,713	90,283	10,430	0,953	1,983	0
TOYOTA-MAZDA	P10	829 254	787 791	1 383,19	93,992	95,110	- 1,121	1,745	0,318	0,003
VW-SAIC	P11	2 954 380	2 806 661	1 488,70	99,569	98,624	0,945	7,5	0,746	0

Nótaí míniúcháin a ghabhann le Táblaí 1 agus 2:

I gcás na ríomhanna uile is bun leis na luachanna a liostaítear sna Táblaí sin, níor breithníodh ach na feithiclí sin ar tuairiscíodh astaíochtaí CO_2 NEDC agus an mhais i riocht feidhmithe ina leith.

Colún A:

Tábla 1: Ciallaíonn "ainm an mhonaróra" ainm an mhonaróra arna bhfógairt ag an monaróir lena mbaineann don Choimisiún nó, i gcás nach ndearnadh an fógra sin, an t-ainm a thuairiscigh an tír thuairiscithe.

Tábla 2: Ciallaíonn "ainm an díorma" ainm an díorma arna fhógairt ag bainisteoir an díorma.

Colún B:

Ciallaíonn "D" gur deonaíodh maolú i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2019/631 don bhliain féilire 2020 (monaróir ísealtáirgeachta);

Ciallaíonn "ND" gur deonaíodh maolú i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2019/631 don bhliain féilire 2020 (monaróir nideoige);

Ciallaíonn "DMD" go bhfuil feidhm ag díolúine *de minimis* i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631, ionas nach mbeidh ar an monaróir sprioc i leith astaíochtaí sonracha a bhaint amach in 2020;

Ciallaíonn "P" go bhfuil an monaróir ina bhall de dhíorma arna dhéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/631 a bhfuil an comhaontú maidir le díorma bailí ina leith don bhliain féilire 2020.

Colún C:

Ciallaíonn "líon iomlán na gclárúchán" líon iomlán na ngluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sa bhliain féilire 2020 san Aontas Eorpach, san Íoslainn, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe agus as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún D:

Ciallaíonn "líon na gclárúchán a breithníodh (95%)" 95% de líon iomlán na ngluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sa bhliain féilire 2020 san Aontas Eorpach, san Íoslainn, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach (95% den líon atá i gcolún C). I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/631 agus le Fógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún, don bhliain féilire 2020 ní chuirtear san áireamh ach an 95% de na gluaisteáin paisinéirí nua is lú astú arna gclárú chun críche meánastaíochtaí sonracha CO_2 gach monaróra nó gach díorma a dheimhniú.

Colún E:

Ciallaíonn "meánmhais" (kg) meán mhais i riocht feidhmithe na ngluaisteán nua paisinéirí uile (100%) a cláraíodh sa bhliain féilire 2020 san Aontas Eorpach, san Íoslainn, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe agus as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún F:

Ciallaíonn "meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC" (g CO_2/km) na meánastaíochtaí sonracha CO_2 arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún maidir leis an 95% de na gluaisteáin paisinéirí nua is lú astú (i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/631) a cláraíodh in 2020 san Aontas Eorpach, san Íoslainn, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe agus as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Agus na meánastaíochtaí sonracha ó CO_2 NEDC á ríomh, cuireadh an méid seo a leanas san áireamh, i gcás inarb infheidhme:

— úsáid na sárchreidmheasanna (colún I);

— Coigilteas astaíochtaí CO_2 mar thoradh ar éicea-nuálaíochtaí a úsáid (colún J).

Colún G:

Ciallaíonn "sprioc i leith astaíochtaí sonracha" (g CO_2/km) sprioc i leith astaíochtaí sonracha an mhonaróra (Tábla 1) nó an díorma (Tábla 2) arna ríomh i gcomhréir le pointe 1 agus pointe 2 de chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 agus arb ionann M_0 agus 1 379,88, nó, i gcás inarb infheidhme ("D" nó "ND" i gcolún B), an sprioc maolaithe arna dheonú de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/631. I gcás ina mbaineann an monaróir leas as díolúine de bhun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631 ("DMD" i gcolún B), ní bheidh feidhm ag aon sprioc i leith astaíochtaí sonracha agus, dá bhrí sin, ní luaitear aon "fad chuig an sprioc" (colún H) ná "lamháil earráide" (colún K).

Colún H:

Ciallaíonn "Fad chuig an sprioc" (g CO_2/km) an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC (colún F) agus an sprioc i leith astaíochtaí sonracha (colún G), as a mbaintear an lamháil earráide (colún K).

I gcás inar mó ná nialas an fad go dtí an spriocluach, ciallaíonn sé sin gur sáraíodh an sprioc i leith astaíochtaí sonracha.

Maidir le monaróir, ar ball de dhíorma é nó í ("P" i gcolún B), ní dhéanfar comhlíonadh na sprice i leith astaíochtaí sonracha a mheasúnú ach ar leibhéal an díorma amháin.

Colún I:

Ciallaíonn "sárchreidmheasanna" (g CO_2/km) creidmheasanna astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/631 agus a dheimhnítear i gcomhréir le pointe 4.1(g) d'Fhógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún, a chuirtear san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 NEDC (colún F) a ríomh, le huasmhéid 7,5 g CO_2/km. Chun méid na sárchreidmheasanna arna shannadh do mhonaróir nó do dhíorma a dheimhniú, déantar gach ceann dá ghluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh in 2020 san Aontas Eorpach, san Íoslainn, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe lena raibh astaíochtaí sonracha CO_2 ar lú iad ná 50 CO_2/km (NEDC) a chomhaireamh mar 2 ghluaisteán paisinéirí.

Colún J:

